Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Iúil 2023
(OR. en)

11749/23

COH 55
DELACT 96

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Iúil 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2023) 4524 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 7.7.2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sainmhíniú na gcostas aonaid, na gcnapshuimeanna agus na rátaí comhréidhe agus an mhaoinithe nach bhfuil nasctha le costais le haghaidh aisíocaíocht caiteachais ag an gCoimisiún leis na Ballstáit |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 4524 final.

---

Faoi iamh: C(2023) 4524 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.7.2023
C(2023) 4524 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 7.7.2023**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sainmhíniú na gcostas aonaid, na gcnapshuimeanna agus na rátaí comhréidhe agus an mhaoinithe nach bhfuil nasctha le costais le haghaidh aisíocaíocht caiteachais ag an gCoimisiún leis na Ballstáit**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá an simpliú in áit tosaíochta ar chlár oibre an Choimisiúin, le tacaíocht ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Is é is ciall dó cur chun feidhme chistí Rialachán na bhForálacha Coiteanna a dhéanamh níos simplí, níos sábháilte agus níos dírithe ar aschuir agus ar thorthaí.

Le hAirteagail 94(1) agus 95(1) de Rialachán (AE) 2021/1060[1] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (Rialachán na bhForálacha Coiteanna), ceadaítear don Choimisiún ranníocaíocht an Aontais a aisíoc le clár bunaithe ar chostais aonaid, ar chnapshuimeanna agus ar rátaí comhréidhe, chomh maith le maoiniú nach bhfuil nasctha le costais, arna sainiú leis an gcinneadh ón gCoimisiún lena bhformheastar an clár, ceann dá leasuithe, nó trí ghníomh tarmligthe. Leis na roghanna sin, leathnaítear simpliú bhainistíocht airgeadais na gcistí chuig an gcaidreamh idir an Coimisiún agus na Ballstáit. Tá na tairbhí breise seo a leanas ag baint leis freisin i gcomparáid leis na roghanna costas simplithe a leagtar amach i bpointí b) go f) d'Airteagal 53(1) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna:

- I dtaca leis na hiniúchtaí agus leis na fíoruithe bainistíochta a dhéanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit, ar ina leith a aisíoctar caiteachas ar bhonn Airteagail 94 agus 95 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna amháin, díreofar go heisiach iontu ar a fhíorú gur comhlíonadh na coinníollacha le haghaidh aisíocaíocht ón gCoimisiún a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe.
- I gcomhréir le hAirteagal 94(3) agus le hAirteagal 95(3) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna, na cleachtais chuntasaíochta a úsáideann na Ballstáit chun tairbhithe a aisíoc agus na méideanna a bheidh ann dá dtoradh, ní bheidh siad faoi réir iniúchadh ag an údarás iniúchóireachta ná ag an gCoimisiún.

Dá bhrí sin, le húsáid costas aonaid, cnapshuimeanna, agus rátaí comhréidhe faoi Airteagal 94 agus le húsáid méideanna le haghaidh maoiniú ar leibhéal an Aontais nach bhfuil nasctha le costais faoi Airteagal 95 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna, soláthraítear deimhneacht dhlíthiúil do na Ballstáit agus do na tairbhithe. Ina theannta sin, laghdaíonn sé an t-ualach riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí a bhainistiú.

Chun na críche sin, le mír 4 d'Airteagal 94 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena sainítear ar leibhéal an Aontais costais aonaid, cnapshuimeanna, rátaí comhréidhe, a méideanna agus a modhanna coigeartaithe.

Ar an gcaoi chéanna, le mír 4 d'Airteagal 95 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena sainítear méideanna le haghaidh maoiniú ar leibhéal an Aontais nach bhfuil nasctha le costais de réir an chineáil oibríochta, na modhanna chun na méideanna a choigeartú agus na coinníollacha atá le comhlíonadh nó na torthaí atá le baint amach.

[1] IO L 231, 30.6.2021, lch. 159

Leagtar amach sa Rialachán Tarmligthe seo costais aonaid agus scéimeanna faoi mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais do na Ballstáit uile den Aontas Eorpach laistigh den Iarscríbhinn le haghaidh oibríochtaí faoi CSE+ sna réimsí seo a leanas

- oibríochtaí oideachais fhoirmiúil (ón oideachas luath-óige go dtí an leibhéal treasach, lena n-áirítear gairmoideachas foirmiúil);
- oibríochtaí a bhaineann le hoiliúint ar dhaoine dífhostaithe, ar chuardaitheoirí poist nó ar dhaoine neamhghníomhacha atá cláraithe;
- oibríochtaí a bhaineann le hoiliúint ar dhaoine fostaithe, agus
- oibríochtaí a bhaineann le soláthar seirbhísí comhairleoireachta a bhaineann le fostaíocht do dhaoine dífhostaithe, do chuardaitheoirí poist nó do dhaoine neamhghníomhacha atá cláraithe,
- oibríochtaí a bhaineann le seirbhísí cúraim baile agus seirbhísí cúraim lae pobalbhunaithe, agus
- oibríochtaí lena dtugtar tacaíocht do sheirbhísí le haghaidh íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh agus daoine gan dídean.

Thairis sin, leagtar amach ann luachanna ar leibhéal an Aontais le haghaidh oibríochtaí den chineál céanna chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha náisiúnach tríú tír, lena n-áirítear dídeanaithe agus daoine a theith ó fhogha míleata Chónaidhm na Rúise in aghaidh na hÚcráine.

Ina theannta sin, féadfaidh feidhm a bheith ag na costais aonaid agus na scéimeanna faoi mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais a leagtar amach sa Ghníomh Tarmligthe seo i gcás oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CUAC, i gcás ina soláthraíonn an Ciste seo tacaíocht do na cineálacha oibríochtaí sin faoi phointí (k) go (m) d’Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir [2], agus ó CFRE, i gcás ina soláthraíonn an Ciste seo tacaíocht ar bhonn rialacha incháilitheachta CSE + i gcomhréir le hAirteagal 25 (2) de Rialachán (AE) 2021/1060.

Tá an aisíocaíocht ar bhonn méideanna a leagtar amach sa rialachán seo gan dochar do chomhlíonadh dhlí an Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme maidir lena chur chun feidhme, lena n-áirítear rialacha maidir le Státchabhair agus soláthar poiblí.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir le mír 4 den Chomhthuiscint maidir le gníomhartha tarmligthe idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach, rinneadh comhairliúcháin iomchuí agus thrédhearcacha, lena n-áirítear ar an leibhéal saineolach, maidir leis an ngníomh tarmligthe seo.

Bhí ullmhúchán an ghnímh tharmligthe seo bunaithe den chuid is mó ar na costais aonaid le haghaidh oibríochtaí den chineál céanna a socraíodh do na Ballstáit uile le haghaidh chlárthréimhse 2014-2020, mar a shainítear sa leasú is déanaí ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2195[3], agus ar an staidéar ‘Roghanna costais simplithe agus Maoiniú nach bhfuil

[2] IO L 231, 30.6.2021, lgh. 1–20

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/702 ón gCoimisiún an 10 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2195 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar Chiste Sóisialta na hEorpa, maidir le sainmhíniú scálaí caighdeánacha costas aonaid agus

nasctha le costais i réimse an chuimsithe shóisialta agus na hóige'. Tá sainiú na gcostas aonaid agus a méideanna arna mbunú sa ghníomh tarmligthe seo bunaithe ar mhodhanna lena gcuirtear san áireamh sonraí maidir le costais stairiúla arna soláthar ag na Ballstáit agus trí eachtarshuíomh, chomh maith le sonraí arna bhfáil ó Eurostat. Cuirtear san áireamh sna méideanna riachtanais éagsúla agus saintréithe áirithe na réigiún agus na n-oibríochtaí éagsúla. Bunaíodh na méideanna a socraíodh le haghaidh aisíocaíochta ar bhonn maoiniú nach bhfuil nasctha le costais ar bhonn faisnéis oibiachtúil eile.

Bhí gach cuid den ghníomh tarmligthe faoi réir comhairliúcháin ó shaineolaithe ó gach Ballstát. Cuireadh an chéad leagan den ghníomh tarmligthe i láthair agus rinneadh idirphlé air le saineolaithe ó gach Ballstát an 26 Aibreán 2023. Cuireadh Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi na comhairliúcháin.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Chun críoch aisíocaíochta ón gCoimisiún ar chaiteachas leis na Ballstáit ar bhonn costais aonaid, cnapshuimeanna, rátaí comhréidhe, agus maoiniú nach bhfuil nasctha le costais arna sainiú ag an gCoimisiún, le hAirteagail 94 agus 95 de Rialachán (AE) 2021/1060, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir leis an sainmhíniú ar leibhéal an Aontais ar na scálaí caighdeánacha costas aonaid, cnapshuimeanna, rátaí comhréidhe, maoiniú nach bhfuil nasctha le costais, a méideanna agus na modhanna chun iad a choigeartú, chomh maith leis na coinníollacha atá le comhlíonadh nó na torthaí atá le baint amach.

cnapshuimeanna le haghaidh aisíocaíocht caiteachais ag an gCoimisiún leis na Ballstáit (IO L 148, 30.4.2021, lgh. 1–149)

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 7.7.2023**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sainmhíniú na gcostas aonaid, na gcnapshuimeanna agus na rátaí comhréidhe agus an mhaoinithe nach bhfuil nasctha le costais le haghaidh aisíocaíocht caiteachais ag an gCoimisiún leis na Ballstáit**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí[4], agus go háirithe Airteagail 94(4) agus 95(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) D'fhonn úsáid Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus an Chiste um Aistriú Cóir (CUAC) a shimpliú agus an t-ualach riaracháin ar thairbhithe a laghdú, is iomchuí costais aonaid áirithe a shainiú agus méideanna a bhunú le haghaidh maoiniú nach bhfuil nasctha le costais atá ar fáil chun ranníocaíocht an Aontais le cláir a aisíoc. I gcomhréir le hAirteagal 25(2) de Rialachán (AE) 2021/1060, féadfar na costais aonaid sin agus na méideanna le haghaidh maoiniú nach bhfuil nasctha le costais a úsáid freisin le haghaidh oibríochtaí atá incháilithe faoi CSE+ agus a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

(2) Bunaíodh na costais aonaid atá le haisíoc leis na Ballstáit ar bhonn modh ríofa atá cóir, cothromasach agus infhíoraithe atá bunaithe ar shonraí stairiúla nó staidrimh, dá dtagraítear i bpointe (a) den dara fomhír d'Airteagal 94(2) de Rialachán (AE) 2021/1060.

(3) Agus na méideanna á socrú le haghaidh maoiniú nach bhfuil nasctha le costais, d'urramaigh an Coimisiún prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, go háirithe an prionsabal go bhfuil na hacmhainní a úsáidfear leordhóthanach le haghaidh na n-infheistíochtaí atá á ndéanamh.

(4) Agus na hiarrachtaí breise is gá chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha náisiúnach tríú tír á gcur san áireamh, lena n-áirítear dídeanaithe agus daoine a theith ó fhogha na Rúise faoin Úcráin, ba cheart costais aonaid shonracha a bhunú le haghaidh na gcineálacha ábhartha oibríochtaí.

(5) Trí chur chun feidhme na n-oibríochtaí a shimpliú i réimse an oideachais fhoirmiúil, na hoiliúna ar fhostaithe, na hoiliúna ar dhaoine dífhostaithe, ar chuardaitheoirí poist nó ar dhaoine neamhghníomhacha atá cláraithe agus na seirbhísí comhairleoireachta

[4] IO L 231, 30.6.2021, lch. 159.

a bhaineann le fostaíocht, rannchuideofar freisin le cur chun feidhme rathúil Bhliain Eorpach na Scileanna.

(6) Agus na gealltanais faoin bPlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta[5] á n-athdhearbhú le príomhsprioc nua an Aontais do 2030 maidir leis an mbochtaineacht agus leis an gcuimsiú sóisialta, is iomchuí dreasachtaí a éascú agus a chruthú le haghaidh cur chun feidhme oibríochtaí lena gcuidítear leis an líon daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta a laghdú. Dá bhrí sin, ba cheart roghanna costas simplithe agus scéimeanna le haghaidh maoiniú nach bhfuil nasctha le costas a shainiú i gcás oibríochtaí a thairgeann seirbhísí cúraim baile agus pobalbhunaithe agus i gcás oibríochtaí a sholáthraíonn seirbhísí cónaithe agus neamhchónaithe le haghaidh íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh agus daoine atá thíos leis an easpa dídine go gearrthéarmach nó go fadtéarmach.

(7) Tá difríochtaí suntasacha idir na Ballstáit maidir le leibhéal na gcostas le haghaidh na gcineálacha oibríochtaí lena mbaineann. I gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, ba cheart leis na méideanna arna mbunú ag an gCoimisiún go léireofaí sainiúlachtaí gach Ballstáit.

(8) Chun a áirithiú go bhfanfaidh na costais aonaid ina n-athróga ionadacha iomchuí maidir le costais iarbhír a thabhaítear agus go leanfaidh na méideanna le haghaidh maoiniú nach bhfuil nasctha le costais de bheith leordhóthanach don infheistíocht atá á déanamh le linn na clárthréimhse, rinneadh foráil maidir le modh coigeartaithe iomchuí,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Ábhar agus raon feidhme*

Leagtar amach san Iarscríbhinn na coinníollacha maidir le haisíoc ranníocaíocht an Aontais le hoibríochtaí CSE+ agus CUAC ar bhonn costais aonaid agus maoiniú nach bhfuil nasctha le costais, lena n-áirítear na cineálacha oibríochtaí a chumhdaítear agus na torthaí atá le baint amach nó na coinníollacha atá le comhlíonadh, méid na haisíocaíochta sin agus an modh chun an méid sin a choigeartú.

[5] Plean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta | (europa.eu)

*Airteagal 2*

*Caiteachas incháilithe*

Na méideanna a ríomhfar ar bhonn an Rialacháin seo, measfar iad mar chaiteachas incháilithe chun Rialachán (AE) 2021/1060 a chur i bhfeidhm.

*Airteagal 3*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 7.7.2023

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*